Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10579 – PON HOLDINGS / AUTOHAUS ADELBERT MOLL / FLEXXDRIVE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 193/05)

1. An 2 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Pon Holding Germany GmbH ("Pon Holding", an Ghearmáin), ar leis an ngrúpa Pon é,

— An tUasal Timm Moll (an Ghearmáin),

— Pon Luxury Cars GmbH ("PLC", an Ghearmáin), ar leis an ngrúpa Pon é,

— Autohaus Adelbert Moll GmbH & Co. KG ("Autohaus Moll", an Ghearmáin), atá faoi rialú an tUasal Timm Moll,

— FlexxDrive GmbH ("FlexxDrive", an Ghearmáin), atá faoi rialú an tUasal Timm Moll.

Gheobhaidh Pon Holding agus an tUasal Timm Moll comhrialú ar PLC, Autohaus agus FlexxDrive de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn grúpa PON i raon leathan margaí, ó fheithiclí paisinéirí agus tráchtála agus rothair go meaisíní tógála bóithre agus crécharta, gineadóirí agus réitigh iomlána don tionscal loingseoireachta,

— Is duine nádúrtha é an tUasal Timm Moll atá ina chónaí in Düsseldorf na Gearmáine. Díríonn a chuid gníomhaíochtaí gnó ar an earnáil mótarfheithiclí agus tá siad comhchruinnithe in Autohaus Moll agus FlexxDrive,

— Is déileálaí gluaisteán sóchais é PLC, atá bunaithe in Köln na Gearmáine,

— Is déileálaí gluaisteáin de bhrandaí éagsúla é Autohaus Moll atá bunaithe in Düsseldorf agus Hannover na Gearmáine agus sa cheantar máguaird,

— Is cuideachta é FlexxDrive atá gníomhach sa ghnó gluaisteán ar cíos ar gearrthéarma sa Ghearmáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10579 – PON HOLDINGS / AUTOHAUS ADELBERT MOLL / FLEXXDRIVE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË